BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Ceathrú Dlísheomra)

19 Nollaig 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – An dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE – Cosaint dlí éifeachtach sna réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais – An dara fomhír d'Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Rochtain ar bhinse neamhspleách neamhchlaon – Dliteanas Ballstáit i leith an damáiste a rinneadh do dhaoine aonair mar gheall ar shárú ar dhlí an Aontais – Sárú ag cúirt náisiúnta a bhreithníonn ag an gcéim dheiridh maidir le cáin bhreisluacha (CBL) – Dlínse cúirte a bhreithníonn ag an gcéim dheiridh agus í ina cosantóir sna príomhimeachtaí – Comhdhéanamh na Cúirte)

I gCás C-369/23,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ón Varhoven administrativen sad (an Chúirt Riaracháin Uachtarach, an Bhulgáir), trí bhreith an 9 Meitheamh 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 9 Meitheamh 2023, sna himeachtaí

'Vivacom Bulgaria' EAD

v

Varhoven administrativen sad,

Natsionalna agentsia za prihodite,

tugann AN CHÚIRT (an Ceathrú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán na Cúirte, ag feidhmiú mar Uachtarán an Cheathrú Dlísheomra, C. Lycourgos (Rapóirtéir), Uachtarán an Tríu Dlísheomra, S. Rodin, J. Passer agus O. Spineanu-Matei, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: T. Ćapeta,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– 'Vivacom Bulgaria' EAD, ag S. Kostov agus S. Yordanova, advokati,

* Teanga an cháis: an Bhulgáiris.

– Varhoven administrativen sad, ag A. Adamova-Petkova, T. Kutsarova-Hristova agus M. Semov,

– Rialtas na Bulgáire, ag T. Mitova agus R. Stoyanov, i gcáil Gníomhairí,

– An Coimisiún Eorpach, ag K. Herrmann agus E. Rousseva, agus P. J. O. Van Nuffel, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 11 Iúil 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh seo ar réamhrialú leis an léiriú atá le déanamh ar an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE agus Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt').

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir 'Vivacom Bulgaria' EAD agus an Varhoven administrativen sad (an Chúirt Uachtarach Riaracháin, an Bhulgáir) agus Natsionalna agentsia za prihodite (an Ghníomhaireachta Náisiúnta Ioncaim, an Bhulgáir) ('NAP') maidir le cúiteamh ar an damáiste a d'fhulaing Balgarska telekomunikatsionna kompania EAD ('BTK'), ar a dtugtar Vivacom Bulgaria anois, de dheasca sárú arna líomhain ar dhlí an Aontais.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

3 Foráiltear sa dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE:

'Cuirfidh na Ballstáit leighis ar fáil a bheidh leordhóthanach chun cosaint dlí éifeachtach a áirithiú sna réimsí atá folaithe le dlí an Aontais.'

4 Foráiltear in Airteagal 47 den Chairt an méid seo a leanas:

'Tá ag gach duine a ndéantar a chearta nó a cearta agus a shaoirsí nó a saoirsí, arna ráthú le dlí an Aontais, a shárú, an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil os comhair binse i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.

Tá gach duine i dteideal éisteacht chóir phoiblí a fháil laistigh de thréimhse réasúnta ó bhinse neamhspleách neamhchlaon arna bhunú roimh ré le dlí. Beidh an chaoi ag gach duine go ndéanfar é nó í a chomhairliú, a chosaint agus a ionadú.

Déanfar cúnamh dlíthiúil a chur ar fáil dóibh siúd nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu a mhéad is gá an cúnamh sin chun rochtain éifeachtach ar an gceartas a áirithiú.'

Dlí na Bulgáire

Cód um an nós imeachta riaracháin

5 Is mar seo a leanas atá Airteagal 1(3) den Administrativnoprotsesualen kodeks (Cód um an nós imeachta riaracháin), sa leagan is infheidhme sna príomhimeachtaí (DV Uimh. 94, an 29 Samhain 2019) (‘Cód um an nós imeachta riaracháin’):

‘Rialaítear nós imeachta leis an gcód seo maidir le cúiteamh ar dhamáistí de bharr iompraíocha, gníomhartha nó faillí neamhdhleathacha na n-údaráis riaracháin agus na ngníomhairí, chomh maith le damáistí atá mar thoradh ar ghníomhaíocht bhreithiúnach na mbinsí riaracháin agus an Varhoven administrativen sad (an Chúirt Riaracháin Uachtarach).’

6 Luaitear in Airteagal 128(1)(6) den chód sin:

‘Tagann gach cás a bhaineann le héileamh ar chúiteamh [...] ar dhamáistí atá mar thoradh ar ghníomhaíocht bhreithiúnach na mbinsí riaracháin agus an Varhoven administrativen sad (an Chúirt Riaracháin Uachtarach) faoi inniúlacht na mbinsí riaracháin.’

7 Foráiltear le hAirteagal 203 den Dlí sin mar seo a leanas:

‘(1) Déantar scrúdú ar chaingne le haghaidh cúiteamh ar dhamáistí a bhain do shaoránaigh nó do dhaoine dlítheanacha mar thoradh ar iompraíocha, gníomhartha nó neamh-ghníomhartha neamhdhleathacha na n-údaráis riaracháin agus na ngníomhairí de réir an nós imeachta a leagtar amach sa chaibidil seo.

(2) Rialaítear na ceisteanna nach bhfuil rialaithe leis an gcód seo maidir le dliteanas cúiteamh a íoc faoi mhír 1 le forálacha an zakon za otgovornostta na darzhavata i obshtinite za vredi (an Dlí maidir le dliteanas an Stáit agus na mbardas maidir le damáiste a dhéantar (DV Uimh. 60 an 5 Lúnasa 1988)) nó leis an zakon za izpalnenie na nakazaniyata i zadarzhaneto pod strazha (an Dlí maidir le forghníomhú pianbhreitheanna agus athchuir faoi choimeád (DV Uimh. 25 an 3 Aibreán 2009)).

(3) Cumhdaítear sa chaibidil seo, *inter alia*, caingne le haghaidh cúiteamh ar dhamáistí atá mar thoradh ar shárú atá tromchúiseach go leor ar dhlí an Aontais, dliteanas cúiteamh a íoc agus inghlacthacht na gníomhaíochta arna rialú le rialacha maidir le dliteanas neamhchonarthach an Stáit i gcás sárú ar dhlí an Aontais.’

An Dlí maidir le dliteanas an Stáit agus na mbardas maidir le damáiste a dhéantar

8 Is mar seo a leanas atá an léamh ar Airteagal 2c den zakon za otgovornostta na darzhavata i obshtinite za vredi (an Dlí maidir le dliteanas an Stáit agus na mbardas maidir le damáiste a dhéantar), sa leagan is infheidhme maidir leis na príomhimeachtaí (DV Uimh. 94 an 29 Samhain 2019) ('an Dlí maidir le dliteanas an Stáit agus na mbardas maidir le damáiste a dhéantar'):

'(1) Nuair atá an damáiste mar thoradh ar shárú atá tromchúiseach go leor ar dhlí an Aontais, déanann na cúirteanna scrúdú ar na caingne i gcomhréir leis na modhanna seo a leanas:

1. cód um an nós imeachta riaracháin, i ndáil le damáiste [...] de dheasca ghníomhaíocht bhreithiúnach na gcúirteanna riaracháin agus an Varhoven administrativen sad [an Chúirt Riaracháin Uachtarach];

2. cód um an Nós Imeachta Shibhialta, i gcásanna seachas na cásanna sin dá dtagraítear i mír 1 [...].

(2) Nuair a thionscnaítear caingean de réir bhrí mhír 1 i gcoinne roinnt cosantóirí, déanfar é a scrúdú i gcomhréir le modhanna an chóid um an nós imeachta riaracháin más páirtí sna himeachtaí an chúirt riaracháin, an Varhoven administrativen sad (an Chúirt Riaracháin Uachtarach) nó duine dlítheanach le haghaidh na damáistí atá mar thoradh ar ghníomhaíocht riaracháin nó a bhaineann léi.'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus an cheist a tharchuirtear

9 Idir 2007 agus 2008, chuir BTK Mobile EOOD – an chuideachta a tháinig i gcomharbas ar BTK – sonraisc go dhá chuideachta Rómánacha maidir le soláthar cártaí agus dearbháin réamhíoctha le haghaidh seirbhísí teileachumarsáide. Sna sonraisc sin, measadh gur soláthairtí seirbhísí iad na hidirbhearta sin a raibh a n-áit feidhmíochta sa Rómáin agus, dá bhrí sin, nach bhféadfaí cáin bhreisluacha (CBL) a ghearradh orthu sa Bhulgáir.

10 An 20 Meitheamh 2012, bhí measúnú cánach leasaitheach i bhfeidhm ag NAP ar BTK lenar bunaíodh fiacha CBL a chomhfhreagraíonn do na sonraisc sin. Go bunúsach, dar leis, níor mhór na hidirbhearta atá i gceist a aicmiú mar sholáthar seirbhísí a raibh a n-áit feidhmíochta suite sa Bhulgáir agus a bhí inchánach dá bhrí sin, sa Bhallstát sin.

11 Le breithiúnas an 22 Samhain 2013, arna fhorlíonadh le breithiúnas an 28 Eanáir 2014, sheas an Administrativen sad Sofia grad (Cúirt Riaracháin Chathair Shóifia, an Bhulgáir) leis an measúnú cánach leasaitheach sin a bhaineann leis na tréimhsí cánacha idir Nollaig 2007 agus Meitheamh 2008, agus chinn sé ag an am céanna gur sholáthairtí earraí a raibh a n-áit feidhmíochta sa Bhulgáir iad na hidirbhearta atá i gceist. Le breithiúnas an 16 Nollaig 2014, atá tar éis éirí críochnaitheach, dheimhnigh an Varhoven administrativen sad (an Chúirt Riaracháin Uachtarach) an breithiúnas bunaidh ina iomláine.

12 Le caingean a taisceadh os comhair an Administrativen sad Sofia grad (Cúirt Riaracháin Chathair Shóifia) an 12 Nollaig 2019 agus a bhí dírithe ar NAP agus an Varhoven administrativen sad (an Chúirt Riaracháin Uachtarach), d'iarr BTK, ar bhonn Airteagal 2c den Dlí maidir le dliteanas an stáit agus na mbardas maidir le damáiste a dhéantar, arna léamh i gcomhréir le hAirteagal 4(3)

CAE, damáistí de mhéid na suime arna híoc i bhfianaise an mheasúnaithe cánach leasaitheach mar aon leis an ús dlíthiúil, arb ionann is méid iomlán 1 808 638, 32 leva Bulgárach (BGN) (thart ar EUR 925 000). D'éiligh an chuideachta sin ús dlíthiúil ar chuid den mhéid sin ar feadh an tréimhse ó taisceadh an chaingean go dtí go dtí go ndéantar í a réiteach go cinntitheach.

13 Comhfhreagraíonn na méideanna sin don damáiste a eascraíonn as sárú atá tromchúiseach go leor, ag NAP agus ag an Varhoven administrativen sad (an Chúirt Riaracháin Uachtarach), ar fhorálacha áirithe de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO 2006 L 347, lch. 1), sa leagan is infheidhme idir mí na Nollag 2007 agus mí an Mheithimh 2008 ('an Treoir maidir le CBL'), arna léirmhíniú ag an gCúirt Bhreithiúnais i mbreithiúnas an 3 Bealtaine 2012, Lebara (C-520/10, EU- COVEL 2012-264).

14 Le breithiúnas an 18 Aibreán 2022, dhíbh an Administrativen sad Sofia grad (Cúirt Riaracháin Chathair Shóifia) caingean BTK, á chinneadh, *inter alia*, nach ndearna NAP ná an Varhoven administrativen sad (an Chúirt Riaracháin Uachtarach) sárú tromchúiseach ar dhlí an Aontais. Rinne NAP na hidirbhearta atá i gceist a aicmiú i gceart mar sholáthairtí seirbhísí agus níor sháraigh sé dlí an Aontais nuair a chinn sé nár comhlíonadh ceann de na coinníollacha chun áit feidhmíochta na seirbhísí sin a shuí i mBallstát seachas Poblacht na Bulgáire a chinneadh, eadhon cártaí agus dearbháin réamhíoctha a bheith á bhfáil ag daoine inchánacha atá bunaithe i mBallstát den sórt sin.

15 Bhí an Administrativen sad Sofia grad (Cúirt Riaracháin Chathair Shóifia) den tuairim freisin go raibh aicmiú an Varhoven administrativen sad (an Chúirt Uachtarach Riaracháin) mar sholáthairtí earraí seachas mar sholáthairtí seirbhísí contrártha don Treoir maidir le CBL agus do bhreithiúnas an 3 Bealtaine, Lebara (C-520/10, EU:C:2012:264). Mar sin féin, gan beann ar an earráid sin, ní fhéadfadh toradh difriúil a bheith ar an gcaingean i gcoinne an mheasúnuithe cánach leasaitheach, ós rud é nár suíodh gur daoine inchánacha atá bunaithe i mBallstát eile iad faighteoirí sholáthairtí na gcártaí agus na ndearbhán réamhíoctha. Thairis sin, chinn an Varhoven administrativen sad (an Chúirt Uachtarach Riaracháin), mar is ceart, nach raibh imthosca an cháis ba chúis le breithiúnas an 3 Bealtaine 2012, Lebara (C 520/10, EU:C:2012:264) agus na himthosca ba chúis le glacadh an mheasúnuithe cánach leasaitheach atá i gceist ag NAP comhionann.

16 Rinne BTK achomharc ar phointe dlí os comhair an Varhoven administrativen sad (an Chúirt Riaracháin Uachtarach) ag iarraidh breithiúnas an 18 Aibreán 2022 a chur ar neamhní, ag maíomh gur cuireadh breithiúnas ó bhail mar gheall ar shárú ar an dlí substainteach, sárú substaintiúil ar rialacha nós imeachta agus mainneachtain cúiseanna a lua. Maíonn BTK, *inter alia*, gur léir gur sáraíodh dlí an Aontais mar gheall ar mhí-aicmiú an Varhoven administrativen sad (an Chúirt Riaracháin Uachtarach) ar na hidirbhearta atá i gceist le nós imeachta um réamhshárú EU Pilot 8498/1/TAXU, arna thionscnamh ag an gCoimisiún Eorpach i gcoinne Phoblacht na Bulgáire. Beidh an sárú sin, a eascraíonn ó neamhaird fhollasach ar chásdlí na Cúirte, sách tromchúiseach i dtéarmaí na gcritéar sin atá curtha i láthair i mír 43 de bhreithiúnas an 13 Meitheamh 2006, Traghetti del Mediterraneo (C-173/03, EU:C:2006:391).

17 Sa chomhthéacs sin, d'iarr BTK ar an Varhoven administrativen sad (an Chúirt Riaracháin Uachtarach), an chúirt a rinne an tarchur, tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt. Aithníonn an páirtí sin go bhfuil foirmíocht na cúirte sin, ar tugadh an díospóid os a comhair sna príomhimeachtaí, éagsúil leis an bhfoirmíocht a thug breithiúnas an 16 Nollaig 2014 dá dtagraítear i mír 11 den bhreithiúnas seo. Mar sin féin, tá amhras dlisteanach ann maidir le

neamhchlaontacht fhoirmíochtaí uile na cúirte sin, ós rud é go raibh an chúirt sin ina cosantóir ag an gcéad chéim agus gur chuir sí in iúl cheana féin go raibh an chaingean a tionscnaíodh ina coinne do-ghlactha nó, in aon chás, gan bhunús.

18 Measann an chúirt a rinne an tarchur, cé nár chuir BTK argóintí sonracha chun cinn maidir le neamhchlaontacht shuibiachtúil nó oibiachtúil fhoirmíocht na cúirte, go bhfuil gá le soiléiriú maidir lena hinniúlacht an díospóid sna príomhimeachtaí a éisteacht, sular féidir léi rialú a thabhairt ar shubstaint na díospóide sin.

19 Sonraíonn an chúirt sin, i bhfianaise shonraíochtaí na dlíthíochta riaracháin, go ndearna reachtóir na Bulgáire foráil go dtagann na caingne le haghaidh cúiteamh ar dhamáistí atá mar thoradh ar ghníomhaíocht bhreithiúnach na mbinsí riaracháin agus an Varhoven administrativen sad (an Chúirt Riaracháin Uachtarach) faoi dhlínse na gcúirteanna riaracháin, arb í an chúirt a rinne an tarchur an chúirt céime deiridh. Iarrann an chúirt sin an gcomhlíontar ceanglais an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE leis an reachtaíocht sin, ina gcumhdaítear cosaint dlí éifeachtach i bhfeidhm sna réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais agus leis an dara fomhír d'Airteagal 47 den Chairt, a bhaineann le ceanglais binse neamhspleách neamhchlaon.

20 Ón gcásdlí ábhartha ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine maidir le caingne arna dtionscnamh i gcoinne Phoblacht na Bulgáire, ní féidir a chinneadh go cinntitheach an féidir le cúirt caingean ina bhfuil sí ina cosantóir a éisteacht, gan sárú ar Airteagal 6(1) den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, arna shíniú sa Róimh an 4 Samhain 1950 ('ECHR'), a bheith i gceist leis sin.

21 Dá bhrí sin, sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur, i mbreithiúnais an 10 Aibreán 2018 *Mihalkov* v *an Bhulgáir* (CE:ECHR:2008:0410JUD006771901), agus an 5 Aibreán 2018, *Boyan Gospodinov* v *an Bhulgáir* (CE:ECHR:2018:0405JUD002841707), gur chinn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine go ndearnadh sárú ar Airteagal 6(1) de CECD, i gcomhthéacs caingne le haghaidh damáistí arna dtabhairt i gcoinne an Stáit i ndáil le gníomhaíocht cúirte, mar gheall ar an nasc gairmiúil idir na breithiúna agus ceann de na páirtithe sa díospóid agus toisc gur ghá íocaíocht an chúitimh a d'fhéadfaí a dheonú a ghearradh ó bhuiséad na cúirte lena mbaineann.

22 Os a choinne sin, i mbreithiúnais an 18 Meitheamh 2013, *Valcheva agus Abrashev* v *an Bhulgáir*, (CE:ECHR:2013:0618DEC000619411), chomh maith leis an 18 Meitheamh 2013, *Balakchiev agus páirtithe eile* v *an Bhulgáir* (CE:ECHR:2013:0618DEC006518710), chinn ECtHR nach raibh aon sárú ar CECD toisc go dtiocfadh cúiteamh ar an damáiste a rinneadh le gníomhaíocht gach cúirte as mír bhuiséid shonrach.

23 Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur, sa chás seo, go bhfuil na rialacha fioscacha is infheidhme maidir le damáistí a íoc tar éis an chinnidh lena rialaítear an díospóid sna príomhimeachtaí cosúil leis na rialacha a thuairiscítear sna cásanna a luaitear sa mhír roimhe seo agus go bhféadfadh Uaschomhairle na mBreithiúna buiséid na gcúirteanna le haghaidh cúitimh a mhéadú, i gcás inarb iomchuí, arna iarraidh sin don chúirt lena mbaineann. Dá bhrí sin, ní bhraitheann luach saothair breithiúna agus a gcoinníollacha fostaíochta i gcúirt ar aon damáistí is iníoctha ag an gcúirt sin.

24 Sna himthosca sin, chinn an Varhoven administrativen sad (an Chúirt Uachtarach Riaracháin) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a chur faoi bhráid na Cúirte le haghaidh réamhrialú:

‘An gcuirtear cosc leis an dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE agus Airteagal 47 den [Chairt] ar reachtaíocht náisiúnta amhail Airteagal 2c(1)(1) den zakon za otgovornostta na darzhavata i obshtinite za vredi [an Dlí maidir le dliteanas an Stáit agus na mbardas maidir le damáiste a dhéantar], arna léamh i gcomhar le hAirteagal 203(3) agus Airteagal 128(1)(6) den Administrativnoprotsesualen kodeks (Cód um an nós imeachta riaracháin), faoina bhfuil caingean le haghaidh cúitimh i ndáil le damáiste mar gheall ar shárú de chuid an Varhoven administrativen sad (an Chúirt Riaracháin Uachtarach, ‘VAS’) ar dhlí an Aontais, ina bhfuil VAS an cosantóir, le scrúdú ag an gcúirt sin ag an gcéim dheiridh?’

An cheist a tharchuirtear

25 Lena ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil an dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE agus an dara fomhír d’Airteagal 47 den Chairt le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta faoina bhfuil dlínse ag cúirt ag an gcéim dheiridh cás a bhaineann le dliteanas an Stáit, i gcomhthéacs achomharc deiridh – a eascraíonn as sárú líomhnaithe ar dhlí an Aontais mar gheall ar bhreithiúnas ón gcúirt sin – ina bhfuil an chúirt sin mar chosantóir.

26 Maidir leis sin, ní mór a thabhairt chun cuimhne, ar thaobh amháin, faoin dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE, go gcuirfidh na Ballstáit leighis ar fáil a bheidh leordhóthanach chun cosaint dlí éifeachtach a áirithiú do dhaoine aonair sna réimsí atá folaithe le dlí an Aontais, a bhfuil CBL mar chuid dóibh, agus atá faoi cheist sna príomhimeachtaí.

27 Ar an taobh eile, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go mbeidh feidhm ag an dara fomhír d’Airteagal 47 den Chairt, ina leagtar amach an ceart bunúsach chun binse neamhspleách neamhchlaon, maidir leis na Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 51(1) den Chairt, le linn dóibh dlí an Aontais a chur chun feidhme. Is amhlaidh sin sa chás seo, a mhéid a bhaineann na príomhimeachtaí le dliteanas Ballstáit de dheasca sárú líomhnaithe ar Threoir CBL.

28 Thairis sin, a mhéid a leagtar amach na cearta lena gcomhfhreagraítear do na cearta a ráthaítear faoi ECHR sa Chairt, is é is aidhm d’Airteagal 52(3) den Chairt an chomhsheasmhacht is gá a áirithiú idir na cearta atá sa Chairt agus na cearta comhfhreagracha a ráthaítear faoi CECD, gan dochar dá bhrí sin d’uathriail dhlí an Aontais. De réir na mínithe a bhaineann leis an gCairt um Chearta Bunúsacha (IO 2007 C 303, lch. 17), freagraítear d’Airteagal 6(1) ECHR leis an dara mír d’Airteagal 47 den Chairt. Dá bhrí sin, ní mór don Chúirt Bhreithiúnais a áirithiú go n-áirithítear, lena léiriú sna cásanna sin leibhéal cosanta ar dá réir nach dtugtar neamhaird ar an leibhéal cosanta a ráthaítear le hAirteagal 6(1) ECHR leis, arna léiriú ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine (breithiúnas an 11 Iúil 2024, *Hann-Invest agus páirtithe eile*, C-554/21, C-622/21 agus C-727/21, EU:C:2024:594, mír 46 agus an cásdlí dá dtagraítear).

29 I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt chun cuimhne, ar an gcéad dul síos, go bhfuil an ceanglas maidir le neamhspleáchas na mbreithiúna, atá ina dhlúthchuid den chúram chun breithniú a dhéanamh ar an gcás, mar chuid de bhunbhrí an chirt chun cosaint dlí éifeachtach agus an chirt bhunúsaigh chun triail chóir a fháil, a bhfuil tábhacht bhunúsach ag baint leo mar ráthaíochtaí chun na cearta uile a eascraíonn ó dhlí an Aontais a chosaint agus chun na luachanna is coiteann do na Ballstáit a

chaomhnú, a leagtar amach in Airteagal 2 CAE, go háirithe luach an smachta reachta (breithiúnas an 11 Iúil 2024, *Hann-Invest agus páirtithe eile*, C-554/21, C-622/21 agus C-727/21, EU:C:2024:594, mír 49 agus an cásdlí dá dtagraítear).

30 De réir cásdlí socair, tá dhá ghné ag baint leis an gceanglas neamhspleáchais sin. Ceanglaítear leis an gcéad ghné, atá seachtrach, go bhfeidhmeoidh an t-údarás lena mbaineann a fheidhmeanna go hiomlán neamhspleách, gan bheith faoi réir aon srian ordlathach ná faoi réir aon údarás eile agus gan orduithe ná treoracha a ghlacadh ó aon fhoinse ar bith, agus cosaint á tabhairt dá bhrí sin ar idiragairtí seachtracha nó ar bhrú seachtrach a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do bhreithiúnas neamhspleách a chomhaltaí agus tionchar a imirt ar a gcinntí (breithiúnas an 11 Iúil 2024, *Hann-Invest agus páirtithe eile*, C-554/21, C-622/21 agus C-727/21, EU:C:2024:594, mír 50 agus an cásdlí dá dtagraítear).

31 Tá an dara gné, ar gné inmheánach í, nasctha le 'neamhchlaontacht' agus féachtar léi lena áirithiú go gcoimeádtar comhfhad idir na páirtithe sna himeachtaí agus a leasanna faoi seach maidir le hábhar na n-imeachtaí sin. Éilíonn an ghné sin oibiachtúlacht agus easpa leasa i dtoradh an cháis seachas cur i bhfeidhm docht an smachta reachta (féach, chuige sin, breithiúnas an 11 Iúil 2024, *Hann-Invest agus páirtithe eile*, C-554/21, C-622/21 agus C-727/21, EU:C:2024:594, mír 51 agus an cásdlí dá dtagraítear).

32 Leis na ráthaíochtaí sin maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais, glactar leis go bhfuil rialacha ann lena ndíbrítear aon amhras dlisteanach, ó intinn daoine aonair, *inter alia* maidir le neodracht na dlínse atá i gceist i dtaca leis na leasanna atá i gcoinbhleacht a thugtar os a comhair (féach, chuige sin, breithiúnas an 8 Bealtaine 2024, *Asociația 'Forumul Judecătorilor din România' (Comhlachais giúistísí)*, C-53/23, EU:C:2024:388, mír 51 agus an cásdlí dá dtagraítear).

33 A mhéid a bhaineann le coinníoll na 'neamhchlaontachta', de réir bhrí Airteagal 6(1) CECD, is éard atá i gceist lena mheasúnú oibiachtúil, atá ábhartha don chás seo amháin i bhfianaise cheisteanna na cúirte a rinne an tarchur, ná go gcinnfí má chuir an chúirt sin ráthaíochtaí leordhóthanacha ar fáil chun aon amhras dlisteanach maidir lena neamhchlaontacht a choimeád siar, go háirithe trína chomhdhéanamh. Ba cheart tabhairt faoin gceist, gan beann ar iompar pearsanta na mbreithiúna, an bhfuil fíorais atá infhíoraithe ann chun údar a thabhairt le hamhras a bheith ar neamhchlaontacht na mbreithiúna. San ábhar seo, d'fhéadfadh an dealramh a bhoinn ar chúrsaí a bheith tábhachtach fiú. Dar leis an gcásdlí ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine, chun cinneadh a dhéanamh faoi chúiseanna imní a bheith ann nach gcomhlíontar na ceanglais sin maidir le neamhspleáchas nó neamhchlaontacht oibiachtúil i gcás ar leith, cuirtear dearcadh páirtí san áireamh, ach níl sé sin cinntitheach. Is é an ghné chinntitheach an féidir a mheas go bhfuil bonn cirt oibiachtúil leis na hamhrais atá faoi cheist o (féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Samhain 2019, *A. K. agus páirtithe eile (Neamhspleáchas Chúirt Araíonachta na Cúirte Uachtaraí)*, C-585/18, C-624/18 agus C-625/18, EU:C:2019:982, míreanna 128 agus 129 agus an cásdlí dá dtagraítear).

34 Is i bhfianaise an chásdlí sin gur gá scrúdú a dhéanamh ar an gcás áirithe is ábhar don cheist a tarchuireadh chuig an gCúirt, eadhon, dlínse a bheith ag cúirt ag an gcéim dheiridh, i gcomhthéacs achomhairc ar phointe dlí, cás a bhaineann le dliteanas Stáit a eascraíonn as sárú líomhnaithe ar dhlí an Aontais mar thoradh ar bhreithiúnas arna thabhairt ag an gcúirt sin, atá ina cosantóir.

35 Maidir leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, sa chéad áit, nach mbaineann prionsabal an dliteanais sin le dliteanas pearsanta breitheamh, ach le dliteanas an Stáit. Ní cosúil áfach go gcuirtear neamhspleáchas na cúirte a bhreithníonn ag an gcéim dheiridh i mbaol áirithe leis an bhféidearthacht an Stát a chur faoi dhliteanas maidir le cinntí cúirte a sháraíonn dlí an Aontais, faoi choinníollacha áirithe, amhras ar (féach, chuige sin, breithiúnas an 30 Meán Fómhair 2003, *Köbler*, C-224/01, EU:C:2003:513, mír 42).

36 Mheabhraigh an Chúirt freisin, in éagmais rialacha ó dhlí an Aontais san ábhar seo, gur faoi chóras dlí náisiúnta gach Ballstáit atá sé cúirteanna agus na binsí a bhfuil dlínse acu a shannadh agus na socruithe nós imeachta a leagan síos lena rialaítear caingne dlí chun na cearta arna bhfáil ag daoine aonair faoi dhlí an Aontais a chosaint. Faoi réir an fhorchoimeádais gur chóir do na Ballstáit, i ngach cás, cosaint éifeachtach do chearta aonair a ghabhtar ó dhlíchóras an Aontais Eorpaigh a áirithiú, ní faoin gCúirt atá sé idirghabháil a dhéanamh i réiteach na ndúshlán dlínsiúla a d'fhéadfadh teacht chun cinn – mar chuid den eagrú breithiúnach náisiúnta – mar gheall ar rangú cásanna dlí áirithe atá bunaithe ar dhlí an Aontais (féach, chuige sin, breithiúnas an 30 Meán Fómhair 2003, *Köbler*, C-224/01, EU:C:2003:513, míreanna 46 agus 47 agus an cásdlí dá dtagraítear).

37 Mar thoradh air sin, níl toirmeasc ar Bhallstát i bprionsabal cúirt a ainmniú mar chúirt a bhfuil dlínse aici ag an gcéim dheiridh, i gcomhthéacs achomharc ar phointe dlí, cás a éisteacht agus a chinneadh faoi dhliteanas Stáit i leith damáiste a dhéantar do dhaoine aonair de dheasca sáruithe ar dhlí an Aontais a eascraíonn, i gcás inarb iomchuí, as ceann de bhreithiúnais na cúirte sin, ar choinníoll go ndéanfar na bearta is gá chun neamhspleáchas agus neamhchlaontacht an bhinse sin a ráthú, de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i míreanna 30 go 33 den bhreithiúnas seo.

38 Sa dara háit, maidir leis an bhfíoras, i ndíospóid amhail an díospóid sna príomhimeachtaí, go bhféadfadh sé gur ghlac an chúirt atá ag breithniú ag an gcéim dheiridh seasamh, mar chosantóir ag an gcéad chéim, maidir leis na ceisteanna fíorais agus dlí is ábhar don díospóid sin, ba cheart a thabhairt faoi deara nach de chineál a tharraingeodh amhras ar neamhchlaontacht na cúirte sin an stádas nós imeachta sin, ar choinníoll nach raibh comhaltaí fhoirmíocht na cúirte ar tugadh an díospóid sin os a comhair ag an gcéim dheiridh rannpháirteach ar bhealach ar bith i gcosaint na cúirte sin ag an gcéad chéim.

39 Maidir leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara nach gcuirtear cosc de bhun na himthoisce gur cosantóir í Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in imeachtaí mar institiúid, ar fhéidearthacht na Cúirte rialú ar dhíospóid (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Bealtaine 2000, Kögler v an Chúirt Bhreithiúnas, C-82/98 P, EU:C:2000:282 agus an 4 Bealtaine 2023, KY v Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, C-100/22 P, EU:C:2023:377). Ar an gcaoi chéanna, ní sháraítear an ceart bunúsach chun binse neamhspleách neamhchlaon, a leagtar amach sa dara fomhír d'Airteagal 47 den Chairt, nuair is í an Chúirt an chúirt a cuireadh achomharc a rinne an tAontas Eorpach os a comhair, arna ionadú ag an institiúid Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (féach, chuige sin, breithiúnas an 13 Nollaig 2018, *an tAontas Eorpach* v *Kendrion*, C-150/17, EU:C:2018:1014, mír 36).

40 An méid sin ráite, i gcás go ndearna Uachtarán Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ina cháil mar Uachtarán na hinstitiúide sin, an cinneadh chun achomharc a dhéanamh i gcoinne breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta maidir leis an institiúid réamhráite, ní mheastar go ráthaítear ceart bunúsach chun binse neamhspleách neamhchlaon na bpáirtithe eile sa nós imeachta ach

amháin muna gcuireann Uachtarán na Cúirte le plé bhreithiúnach an cháis, agus cuirtear an Leas-Uachtarán ina fheidhmeannas (féach, chuige sin, breithiúnas an 13 Nollaig 2018, *an tAontas Eorpach* v *Kendrion*, C-150/17, EU:C:2018:1014, mír 38).

41 Cé gur faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a mheasúnú an urramaítear an coinníoll a luaitear i mír 38 den bhreithiúnas seo sa chaingean seo, féadfaidh an Chúirt, áfach, i gcomhthéacs an chomhair bhreithiúnaigh a bhunaítear le hAirteagal 267 CFAE, ar bhonn na faisnéise sa chomhad, treoir a thabhairt don chúirt sin maidir le léiriú dhlí an Aontais a d'fhéadfadh a bheith úsáideach di agus measúnú a dhéanamh aici ar éifeachtaí forála áirithe de dhlí an Aontais (féach, chuige sin, breithiúnas an 11 Iúil 2024, *Hann-Invest agus páirtithe eile*, C-554/21, C-622/21 agus C-727/21, EU:C:2024:594, mír 60 agus an cásdlí dá dtagraítear).

42 Sa chás seo, mar a leag Vivacom Bulgaria amach agus mar a léirítear le barúlacha an chosantóra sna príomhimeachtaí, chuir stáitseirbhíseach de chuid na cúirte sin, arna údarú ag a hUachtarán, seasamh an Varhoven administrativen sad (an Chúirt Riaracháin Uachtarach) in iúl, ina cháil mar chosantóir ag an gcéad chéim. Os a choinne sin, ní léir ón gcomhad os comhair na Cúirte go bhfuil ról ar bith ag na comhaltaí d'fhoirmíocht na Cúirte dár sannadh an cás sna príomhimeachtaí maidir le cosaint an Varhoven administrativen sad (an Chúirt Riaracháin Uachtarach). Is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé an fhaisnéis sin a fhíorú áfach.

43 Sna coinníollacha sin, i gcás go ndeimhneofaí an fhaisnéis sin, ní bheadh an cásdlí – dá dtagraíonn Vivacom Bulgaria, lena dtugtar le tuiscint ón gcoincheap 'neamhspleáchas' gur geall le tríú páirtí é an dlínse lena mbaineann i ndáil leis an údarás a ghlac an cinneadh ar tugadh achomharc ina choinne (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Eanáir 2020, *Banco de Santander*, C-274/14, EU:C:2020:17, mír 62 agus an 7 Bealtaine 2024, *NADA agus páirtithe eile*, C-115/22, EU:C:2024:384, mír 46) – ar neamhréir le dlínse na cúirte achomharc a éisteacht ar phointe dlí a éisteacht agus a chinneadh ag an gcéim dheiridh i gcás ina mbeadh stádas cosantóra aici.

44 Sa tríú háit, maidir le ceanglas neamhspleáchais agus neamhchlaontachta na mbreithiúna, ba cheart a thabhairt faoi deara, leis na rialacha is infheidhme maidir le stádas na mbreithiúna agus comhlíonadh a ndualgas, ní mór a bheith in ann, go háirithe, ní hamháin aon tionchar díreach a eisiamh, i bhfoirm treoracha, ach cineálacha tionchair atá níos indírí a bhfuil tionchar inimeartha aige ar chinntí na mbreithiúna lena mbaineann chomh maith agus, ar an gcaoi sin, aon easpa neamhspleáchas nó neamhchlaontacht dealraitheach a chur as an áireamh a bhainfeadh an bonn den mhuinín nach mór do na breithiúna a spreagadh i ndaoine aonair i sochaí dhaonlathach agus faoin smacht reachta (féach, chuige sin, breithiúnas an 11 Iúil 2024, *Hann-Invest agus páirtithe eile*, C-554/21, C-622/21 agus C-727/21, EU:C:2024:594, mír 53 agus an cásdlí dá dtagraítear).

45 Maidir leis sin, ar an gcéad dul síos, ní léir ón gcomhad atá os comhair na Cúirte nach mbaineann breithiúna an Varhoven administrativen sad (an Chúirt Riaracháin Uachtarach) leas as coimircí chun a neamhspleáchas agus a neamhchlaontacht a ráthú, i gcomhréir le reachtaíocht na Bulgáire, agus is faoin gcúirt a rinne an tarchur, áfach, atá sé sin a fhíorú.

46 Chomh maith leis sin, luaitear san ordú tarchuir nach bhfuil tuarastail agus coinníollacha fostaíochta na mbreithiúna ag brath ar íocaíocht damáistí a d'fhéadfadh a bheith ann ón gcúirt sin. Dá bhrí sin, ní de chineál iad na rialacha fioscacha lena rialaítear íocaíocht damáistí agus speansais úis a d'fhéadfadh a bheith ann tar éis an chinnidh sna príomhimeachtaí lena gcuirfí amhras réasúnta a in intinn daoine aonair maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht an na mbreithiúna atá i gceist.

47 Ar deireadh, ba cheart a thabhairt faoi deara nach leor an fíoras go bhfuil roinnt foirmíochtaí cúirte freagrach i ndiaidh a chéile as cásanna a bhaineann le saincheisteanna dlíthiúla ar leith a eascraíonn as an gcás céanna chun amhras dlisteanach a chruthú in aigne daoine aonair maidir le neamhspleáchas nó neamhchlaontacht na cúirte sin i ngach ceann de na cásanna sin.

48 Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 39 dá Tuairim, tá sé soiléir, os a choinne sin, ó breithiúnais ó ECtHR an 29 Iúil 2004, *San Leonard Band Club* v *Málta* (CE:ECHR:2004:0729JUD007756201), agus an 7 Iúil 2020, *Scerri* v *Málta* (CE:ECHR:2020:0707JUD003631818), i gcás gurbh iad na breithiúna céanna a thug rialú, i gcúis ar leith, ar an gceist an ndearna siad earráidí léirmhínithe nó earráidí maidir le cur i bhfeidhm an dlí i gcinneadh roimhe sin, ní mór teacht ar shárú d'Airteagal 6 den CECD.

49 Ba cheart a mheabhrú freisin gur chinn an Chúirt go n-urramaítear an ceart bunúsach chun binse neamhspleách neamhchlaon, mar a leagtar amach sa dara fomhír d'Airteagal 47 den Chairt, nuair a thugann Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh breith, i gcaingean le haghaidh damáistí a d'eascair as mainneachtain breithniú a dhéanamh laistigh de thréimhse réasúnta, maidir leis an éileamh sin i bhfoirmíocht atá éagsúil ón bhfoirmíocht inar éisteadh an díospóid ba chúis leis na himeachtaí a ndéantar fad na tréimhse a cháineadh (féach, chuige sin, breithiúnas an 26 Samhain 2013, *Gascogne Sack Deutschland* v *an Coimisiún*, C-40/12 P, EU:C:2013:768, mír 96, agus breithiúnas an 13 Nollaig 2018, *an tAontas Eorpach* v *Kendrion*, C-150/17 P, EU:C:2018:1014, míreanna 36 agus 37 agus an cásdlí dá dtagraítear).

50 Sa chás seo, áfach, is léir ón ordú tarchuir, agus ó na barúlacha i scríbhinn a chuir Vivacom Bulgaria isteach nár shuigh breitheamh ar bith atá i bhfoirmíocht na cúirte ar tugadh an díospóid os a comhair a d'eisigh an breithiúnas ónar tháinig an díospóid sin. Is leor dá réir sin a chinneadh, gan é a bheith riachtanach don Chúirt rialú a thabhairt an mbeadh sé i gcomhréir leis na forálacha de dhlí an Aontais a iarrtar uirthi a léiriú, gur chóir go mbeadh an dá fhoirmíocht den chúirt comhdhéanta, fiú muna mbeadh ann ach i bpáirt, de na breithiúna céanna, nach féidir, in imthosca na díospóide sna príomhimeachtaí, amhras dlisteanach a bheith ann in aigne daoine aonair maidir le neamhspleáchas nó neamhchlaontacht an Varhoven administrativen sad (an Chúirt Uachtarach Riaracháin) mar gheall ar chomhdhéanamh an dá fhoirmíocht sin faoi seach.

51 Ag féachaint do na breithnithe uile roimhe seo, is é an freagra ar an gceist nach mór an dara fomhír d'Airteagal 19(1) agus an dara fomhír d'Airteagal 47 den Chairt a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc ar reachtaíocht náisiúnta leo ar dá réir go mbíonn dlínse ag an gcéim dheiridh ag cúirt, i gcomhthéacs achomhairc ar phointe dlí, i gcás ina bhfuil an chúirt sin ina cosantóir, a bhaineann le dliteanas Stáit a eascraíonn as sárú arna líomhain ar dhlí an Aontais mar thoradh ar bhreithiúnas arna thabhairt ag an gcúirt sin, ar choinníoll go bhfágtar, leis an reachtaíocht náisiúnta agus na bearta a glacadh chun plé leis an gcás sin, gur féidir aon amhras dlisteanach a dhíbirt ó intinn daoine aonair maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na cúirte lena mbaineann.

Costais

52 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte náisiúnta, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt Bhreithiúnais (an Ceathrú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Ní mór an dara fomhír d'Airteagal 19(1) agus an dara fomhír d'Airteagal 47 den Chairt a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc ar reachtaíocht náisiúnta leo ar dá réir go mbíonn dlínse ag an gcéim dheiridh ag cúirt, i gcomhthéacs achomhairc ar phointe dlí, i gcás ina bhfuil an chúirt sin ina cosantóir, a bhaineann le dliteanas Stáit a eascraíonn as sárú arna líomhain ar dhlí an Aontais mar thoradh ar bhreithiúnas arna thabhairt ag an gcúirt sin, ar choinníoll go bhfágtar, leis an reachtaíocht náisiúnta agus na bearta a glacadh chun plé leis an gcás sin, gur féidir aon amhras dlisteanach a dhíbirt ó intinn daoine aonair maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na cúirte lena mbaineann.

[Sínithe]